



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉ LUAIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile. Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ar gach ceist. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist. Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Trádálaí Aonair – Cuntais Chríochnaitheacha

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair B. Uí Nualláin, Trádálaí Aonair, ar 31/12/2008.

	€	€
Foirgnimh	420,000	
Feithiclí mótaí ar a gcostas	130,000	
Trealamh oifige ar a chostas	40,000	
Paitinní	62,000	
Dímheas Carntha – feithiclí mótaí		52,000
Dímheas Carntha – trealamh oifige		16,000
Caipiteal 1/1/2008		330,000
Ceannacháin agus Díolacháin	360,000	720,000
Carraeireacht isteach	1,800	
Pá/Tuarastal	84,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	75,000	36,000
Lascaine faighte		5,600
Iasacht téarma faighte 1/4/2008.....		100,000
Ús ar Iasacht íoctha	5,000	
Coimisiún	7,000	
Aischur isteach	7,300	
Aischur amach		2,400
Árachas	6,400	
Speansais ghinearálta	14,900	
Soláthar in aghaidh drochfhiach		1,700
Fógraíocht.....	24,000	
Banc.....		13,100
CBL		5,700
ÁSPC		10,000
Tarraingtí	11,200	
Stáiseanóireacht	4,900	
Stoic 1/1/2008.....	39,000	
	<u>1,292,500</u>	<u>1,292,500</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic ar 31/12/2008 – €26,000.
- (ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2008 – €300.
- (iii) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar chríoch 31/3/2009.
- (iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar iasacht. Is é an ráta úis ná 10% sa bhliain.
- (v) Tá Pá agus Tuarastal le roinnt – 70% d'fhostaithe agus 30% do tharraingtí.
- (vi) Tá an dímheas le bheith mar seo a leanas:

Foirgnimh	2% den chostas
Feithiclí Mótaí	20% den chostas
Trealamh Oifige	10% den <u>leabharluach</u> glan.
- (vii) Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú chuig 5% d'fhéichiúnaithe.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (80)
 - (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2008. (40)
- (120 marc)**

2. Cuntais Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe.

Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair T. Uí Mhadáin le linn mhí an Mhárta 2009:

	€
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 1/3/2009 Dr	59,700
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 1/3/2009 Sr	450
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 1/3/2009 Sr	34,200
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 1/3/2009 Dr	620
Lascaine ceadaithe	1,600
Lascaine faighte	800
Ceannacháin (ceannacháin ar Airgead Síos san áireamh €8,300)	67,400
Díolacháin (Díolacháin ar Airgead Síos san áireamh €19,100)	122,300
Aischur isteach	2,500
Aischur amach	1,500
Lascaine dícheadaithe do T. Ó Madáin	490
Ús gearrtha ag Ó Madáin ar chuntais dlíthe thar téarma	1,440
Seiceanna íoctha le soláthraithe	46,300
Seiceanna faighte ó chustaiméirí	94,200
Drochfhiacha díscríofa	940
Seiceanna faighte obtha	1,700
Aistriú ó Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe go Mórleabhar na gCreidiúnaithe	760
Billí Infhaighte eisithe	1,300
Billí le híoc glactha	530
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe ar 31/03/2009	840 Sr
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe ar 31/03/2009	220 Dr

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú do mhí an Mhárta:

- | | |
|--|------|
| (a) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe | (30) |
| (b) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe | (30) |

(60 marc)

3. Dímheas agus Athluacháil Sócmhainní Seasta

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair Uí Bhéoithe Tta.

01/01/2007	Bhí €990,000 ar fhoirgnimh ar a gcostas
01/01/2007	Ba é an t-iarmhéid sa chuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa ná €173,000
01/06/2007	Ceannaíodh foirgneamh ar €460,000
01/07/2007	Díoladh ar €420,000 foirgneamh a chosain €210,000. Ba é leabharluach an fhoirgnimh ar 01/07/2007 ná €140,000
31/12/2007	Ba é an dímheas iomlán don bhliain dar chríoch 31/12/2007 ná €35,000
01/01/2008	Athluacháladh na foirgnimh ar €1,500,000
31/12/2008	Déan soláthar in aghaidh dímheasa de réir ráta 3% den luach na bhfoirgneamh ar 01/01/2008

Iarrtar ort a thaispeáint:

- (a) Cuntas na bhFoirgneamh don dá bhliain 2007 agus 2008. (15)
- (b) An Cuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa don dá bhliain 2007 agus 2008. (20)
- (c) An Cuntas Diúscartha Foirgneamh don bhliain dar chríoch 31/12/2007. (15)
- (d) An Cuntas Cúlchiste Athluachála. (10)

(60 marc)

4. Taifid Neamhiomlána – glanfhiúchas.

Níor choinnigh L. Breathnach, trádálaí aonair, sraith iomlán cuntas. Cuireadh ar fáil ar 1/1/2008 na figiúirí seo a leanas a bhaineann leis an ngnó:

	€
Áitreabh	740,000
Troscán agus trealamh ar a gcostas	68,000
Feithiclí mótaí de réir an leabharluacha	42,600
Dímheas carntha ar throscán agus ar threalamh	23,600
Stoc	32,600
Féichiúnaithe	27,000
Árachas réamhíoctha	1,600
Creidiúnaithe	36,100
Speansais dlite	4,800
Rótharraingt bhainc	35,300

Chuir Breathnach an t-eolas breise seo a leanas ar fáil freisin ar 31/12/2008:

- (i) Le linn na bliana aistríodh €11,000 ó chuntas pearsanta bainc go dtí cuntas bainc an ghnó.
- (ii) Le linn na bliana, d'íoc Breathnach €3,500 as an gciste gnó le haghaidh deisiúchán ar theach príobháideach agus thóg earraí dar luach €600 in aghaidh na míosa ar mhaithe le húsáid phríobháideach.

Mheas Breathnach ar 31/12/2008 go raibh sócmhainní agus dliteanais gnó de luach €960,000 agus €80,000, faoi seach aige sula ndearna sé lamháltas do dhímheas ar throscán agus ar threalamh de réir ráta 20% den chostas, do dhímheas ar fheithiclí mótaí de réir 20% den leabharluach agus sula ndearna sé lamháltas do speansais dlite de €880.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Ráiteas a ullmhú a thaispeánann Glanfhiúchas/Caipiteal Bhreathnaigh ar 1/1/2008 (30)
- (b) Ráiteas a ullmhú a thaispeánann Brabús agus Cailteanas Bhreathnaigh don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (30)

(60 marc)

ROINN 2 (200 Marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Concor Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2008:

Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2008

	€	€
Díolacháin ar cairde		820,000
Lúide: Costas Díolachán		
Stoc 1/01/2008	44,000	
Móide: Ceannacháin	<u>?</u>	
	?	
Lúide: Stoc 31/12/2008	<u>55,000</u>	<u>630,000</u>
Ollbhrabús		?
Lúide: Speansais Iomlána (ús san áireamh)		<u>73,000</u>
Glanbhrabús don bhliain		<u><u>117,000</u></u>

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2008

	€	€
Sócmhainní Seasta		550,000
Sócmhainní Reatha (Féichiúnaithe €62,000 san áireamh)	144,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	<u>34,000</u>	<u>110,000</u>
		<u>660,000</u>
Maoinithe ag:		
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin		
Bintiúir 8% (2013/2014)		90,000
Caipiteal agus Cúlchiste		
Gnáthscaireanna		453,000
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		<u>117,000</u>
		<u>660,000</u>

(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:

- (i) An figiúr do Cheannacháin.
- (ii) An tréimhse cairde a tugadh d'fhéichiúnaithe.
- (iii) An Mharcáil Suas faoin gCéad ar an gcostas.
- (iv) An toradh ar an gCaipiteal in Úsáid (40)

(b) Mínigh gach ceann díobh seo a leanas:

- (i) Bintiúir 8% (2013/2014)
- (ii) An Cóimheas Fíorthástála
- (iii) Gnáthdhíbhinn
- (iv) Sócmhainní Doláimhsithe (40)

- (c)** An mbeadh deacracht ag an ngnólacht billí a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

- (d)** Más é an toradh ar Chaipiteal in Úsáid don bhliain 2007 ná 11%, tabhair tuairisc ar bhrabúsacht reatha an ghnólaigh. (10)

(100 marc)

6. Cuntais Chlub

San áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais chlub peile na bPíarsach ar 01/01/2008 bhí siad seo a leanas: Clubtheach €430,000; Talamh €280,000; Trealamh €14,000; Stoc Beáir €6,200; Infheistíochtaí €50,000; Speansais dlite €1,140; Creidiúnaithe beáir €1,400; Síntiúis dlite ó bhail €800.

Is achoimre é seo a leanas ar fháltais agus ar íocaíochtaí an chlub don bhliain.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2008

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Airgead ar láimh 01/01/08	11,300	Duaiseanna crannchuir	16,000
Díolacháin bheáir	56,200	Ceannacháin bheáir	39,300
Síntiúis	43,800	Speansais ghinearálta	67,600
Ús	900	Ceannach trealaimh	3,700
Fáltais ó chrannchur	34,600	Creidiúnaithe beáir	2,500
Urraíocht bhliantúil	<u>8,000</u>	Iarmhéid airgid 31/12/08	<u>25,700</u>
	<u>154,800</u>		<u>154,800</u>

Thug an cisteoir an t-eolas seo a leanas freisin mar a bhí ar 31/12/2008

- (i) Stoc Beáir – €5,400.
- (ii) Creidiúnaithe Beáir – €430.
- (iii) Síntiúis réamhíoctha – €300.
- (iv) Speansais dlite – €1,700.
- (v) Tá trealamh a bhí ann ar 31/12/2008 le díluacháil de réir 10%.
- (vi) Déan díluacháil ar an gclubtheach de réir 3% den chostas.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Ráiteas a ullmhú a thaispeánann Ciste Carntha an chlub ar 01/01/2008. (20)
- (b) Cuntas Trádála Beáir a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (8)
- (c) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an chlub a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2008. (34)
- (d) Clár Comhardaithe a ullmhú don chlub ar 31/12/2008. (30)
- (e) Mínigh an difríocht idir an t-iarmhéid sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an t-iarmhéid deiridh sa Chuntas Fáltas agus Íocaíochtaí. (8)

(100 marc)

7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Ailín Tta.

Brabús agus Cailteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2008		€	
Brabús oibriúcháin			175,000
Ús íoctha			<u>(8,000)</u>
			167,000
Cáin			<u>(26,000)</u>
			141,000
Díbhinn íoctha			<u>(55,000)</u>
Brabús coinnithe don bhliain			86,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 01/01/2008			<u>22,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2008			<u>108,000</u>

Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar	31/12/2008		31/12/2007	
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta				
Talamh agus Foirgnimh	890,000		720,000	
Lúide: soláthar in aghaidh dímheasa	<u>(85,000)</u>	805,000	<u>(75,000)</u>	645,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	43,000		36,000	
Féichiúnaithe	53,000		59,000	
Airgead	<u>98,000</u>		<u>82,000</u>	
	<u>194,000</u>		<u>177,000</u>	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin				
Creidiúnaithe	75,000		55,000	
Cáin	<u>26,000</u>		<u>15,000</u>	
	<u>(101,000)</u>		<u>(70,000)</u>	
Glansócmhainní Reatha		<u>93,000</u>		<u>107,000</u>
Glansócmhainní Iomlána		<u>898,000</u>		<u>752,000</u>
Maoinithe ag				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin				
Bintiúir 8%		90,000		110,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáth-scairchaipiteal eisithe		700,000		620,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		<u>108,000</u>		<u>22,000</u>
		<u>898,000</u>		<u>752,000</u>

Iarrtar ort:

- (a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (30)
- (b) An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú do Ó hAilín Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2008 faoi na ceannteidil seo a leanas:
1. Gníomhaíochtaí Oibriúcháin
 2. Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas
 3. Cáin
 4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
 5. Díbhinní cothromais íoctha
 6. Maoiniú (65)
- (c) An Glansreabhadh Airgid a réiteach leis an Athrú ar na Glanfhiacha. (5)
- (100 marc)**

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist AMHÁIN

8. Costáil Ionsú

Tá na figiúirí buiséadaithe seo a leanas ag Roicéad Tta, cuideachta bheag ghiurnálaíochta, don bhliain seo chugainn.

Ábhair Dhíreacha	€264,000
Pá díreach	€75,000
Forchostais Mhonarchan	€97,500

Don bhliain seo chugainn tá 10,000 uair shaothair agus 12,5000 uair mheaisín buiséadaithe freisin ag an gcuideachta.

Is iad seo a leanas na sonraí faoi Jab Uimhir 591 le haghaidh custaiméara:

Ábhair Dhíreacha	€9,000
Uaireanta Saothair Dhíriugh	180 uair
Uaireanta Meaisín	220 uair

Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:

- (a) An ráta ionsúite forchostais in aghaidh na huaire de shaothar díreach.
- (b) An ráta ionsúite forchostais in aghaidh na huaire meaisín.
- (c) Costas Jab Uimhir 591 agus úsáid á baint as an ráta ionsúite forchostais in aghaidh na huaire meaisín.
- (d) Costas Jab Uimhir 591 agus úsáid á baint as an ráta ionsúite forchostais in aghaidh na huaire de shaothar díreach.
- (e) Praghas díola Jab Uimhir 591 don chustaiméir agus úsáid á baint as an **dá** ráta ionsúite forchostais (mar a ríomhadh in (a) agus (b) thuas iad) agus ag glacadh le marcáil suas de 20% ar chostas.

(80 marc)

9. Buiséadú Airgid

Tugann Sinéad Ní Bhradáin an t-eolas seo a leanas i mBealtaine 2008:

	€
Féichiúnaithe 01/06/2008 (comhdhéanta de dhíolacháin mhí Aibreáin de €52,000 agus de dhíolacháin na Bealtaine de €63,000)	115,000
Creidiúnaithe 01/06/2008	44,000
Iarmhéid bainc 01/06/2008	34,000

Tá súil aici go mbeidh a cuid díolachán, ceannachán agus speansas do na cúig mhí ina dhiaidh sin mar seo a leanas:

	Meitheamh	Iúil	Lúnasa	Meán Fómhair	Deireadh Fómhair
	€	€	€	€	€
Díolacháin	59,000	67,000	75,000	83,000	91,000
Ceannacháin	36,000	51,000	66,000	59,000	74,000
Speansais	12,000	17,000	14,000	16,000	15,000

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit.

- Is de réir mar a thabhaítear speansais a íoctar iad.
- Is é an cíós in aghaidh na míosa ná €1,100.
- Is ar cairde atá na díolacháin go léir agus íoctar astu dhá mhí tar éis na míosa inar díoladh iad.
- Is ar cairde atá na ceannacháin go léir, seachas €18,000 ar airgead síos i mí Lúnasa, agus íoctar astu mí amháin tar éis na míosa inar ceannaíodh iad.

Iarrtar ort:

- (a) Buiséad airgid a ullmhú ar bhonn míosúil don tréimhse Meitheamh go Deireadh Fómhair, gach mí san áireamh, agus colún na n-iomlán don tréimhse freisin.
- (b) Cuir in iúl cén t-eolas is féidir le Sinéad a bhaint as an mbuiséad airgid ullmhaithe.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán